Gaelscoil Mhic Amhlaigh

Lána an Mhuilleora, Cnoc na Cathrach, Gallimh

Fón: 091-590152

# NUACHTLITIR DEIREADH NA BLIANA

A Cháirde,

18ú Meitheamh 2024

## ***Ceoltóirí na Scoile/School Choir***

Comghairdeas mór leis na ceoltóirí iontacha ó Rang 4,5,6 a bhí ag seinm ag ócáidí scoile le déanaí. Bhí scoth an cheoil le cloisteáil ag an gcóineartú (12 Aibreán) an Chéad Chomaoineach (27 Aibreán) agus ag an oíche eolais do thuistí Naíonáin bheaga na bliana seo chugainn (16 Bealtaine). Tá na ceoltóirí tar éis go leor cleachtadh a dhéanamh tar éis am scoile gach Déardaoin agus i rith an lae scoile chomh maith, is mór an feabhas agus an snas atá tagtha orainn ar fad ó thús na bliana! Míle buíochas do choiste ceoil na scoile, sin iad na múinteoirí éagsúla a chleachtaigh agus a sheinm leis na daltaí I rith na bliana Bláthnaid, Ann-Marie, Órnaith, Úna, Tighearnán, Fiachra, Máire, Siobhán Ní Choncra & Eliosia. Buíochas ó chroí libh, rinne sibh éacht.



## Seachtain Gníomhach

Beidh Seachtain Gníomhach ar siúl an tseachtain seo 17ú-21ú Meitheamh. Tháinig coiste tuismitheoirí le chéile chun imeachtaí difriúla a eagrú dona ranganna ar fad. Beidh ar a laghad dhá imeacht difriúl ar siúl ag gach rang agus tá ard mholadh ag dul don choiste as an obair seo. Buíochas mór dona tuismitheoirí agus comhlachtaí eagsúla atá ag cuir a gcuid ama ar fáil an tseachtain seo ar son na bpáistí. Buíochas d'Aonghus as ucht é a eagrú leis na tuismitheoirí.

*Our Active Schools Week will take place this week 17th-21st of June. A group of parents have come together to organise a range of activities for each class this week. Trojan work has gone into this week and the committee deserve huge credit. Each class will have at least to different activities ranging from disco's to golf. A huge thanks to all the parents and companies who have given their time during this week for the kids. A special thanks to Aonghus for co-ordinating the week with the parents.*

## **Fógra maidir le hathbhreithniú bliantúil an Bhord Bháinistíochta ar an mbeartas frithbhulaíochta**

**Is mian leis an mBord Bainistíochta na nithe seo leanas a chur in iúl do thuismitheoirí agus pobal na scoile:**

- **Tugadh athbhreithniú an Bhoird Bhainistíochta ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus a fheidhmiú chun críche ag cruinniú an Bhoird den 30ú Bealtaine 2024**
- **Rinne an t-athbhreithniú i gcomhréir leis an seicliosta atá leagtha amach in Aguisín 4 de na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile.**

## ***Notification regarding the Board of Management's annual review of the anti-bullying policy***

*The Board of Management wishes to inform Parents and the school community that:*

- *The Board of Management's annual review of the school's anti-bullying policy and its implementation was completed at the Board meeting of 30th May 2024 .*
- *This review was conducted in accordance with the checklist set out in Appendix 4 of the Department's Anti-Bullying Procedures for Primary and Post –Primary Schools.*

**City Sports/Sport na Cathrach**

Beidh lúthchleasaithe na scoile ag glacadh pairt sna 'City Sports' i nDangan ar an Mháirt 18ú Meitheamh. Bíonn paistí ó Rang 2 suas go Rang 6 ag rith sna rásaí difriúla. Glacann an scoil páirt sna Sprints, Relay agus Rás Fada. Bíonn an-lá ag na gasúir. Tá ard-mholadh ag dul dóibh as na hiarrachtaí ar fad a dhéanann siad ar an lá. Buíochas mhór d'Aonghus, Fergal, Joe & Fiachra as ucht a gcuid oibre ar fad leo agus do na tuistí as ucht a dtacaíocht ar an lá.

*The school's athletes will participate in the City Sports in Dangan on Tuesday 18 th June. Children from 2nd class up to 6th class run in the different events. They take part in the Sprints, Relay, and Long Distance races. The children always have a great day. All children who participate deserve great credit for their efforts on the day. Many thanks to the parents who come to support on the day and to Aonghus, Fiachra, Joe & Fergal for their work with the children.*







**<u>Feithlí Linbh/Childminders:</u>**

**MÁ TÁ SUIM AG AON TUISMITHEOIR AIRE A THABHAIRT DO PHAISTÍ, GLAOIGH AR AN OIFIG AGUS TABHAIR D'UIMHIR DO KATHLEEN/ANTOINETTE. 091-590152**

*IF **YOU ARE AVAILABLE** TO **CHILDMIND/PICK UP** CHILDREN FROM NAÍONRA OR SCHOOL PLEASE GIVE YOUR CONTACT DETAILS TO KATHLEEN/ANTOINETTE IN SCHOOL OFFICE. 091-590152*



## Laethanta Saoire/School Holidays

Beidh an scoil ag dúnadh i gcomhair laethanta saoire an tsamhraidh ar an Déardaoin 27ú Meitheamh. Osclófar an scoil arís ar an ***Dé Ceadaoin 28ú Lúnasa 2024.*** Tá saoire iontach tuillte ag chuile dhuine idir páistí, tuismitheoirí agus an fhoireann scoile as ucht an bhliain atá curtha isteach agaibh. Molaim go h-árd na spéire sibh as ucht bhur gcuid oibre agus bhur gcuid tacaíochta dá chéile agus don scoil.

**Rachaidh na ranganna seo leanas abhaile ag na hamanta seo leanas ar lá na laethanta saoire, 27ú Meitheamh:**

- **Ranganna a théann abhaile de ghnáth ag 1.15 & 2.15, rachaidh siad abhaile ag 11:50**
- **Ranganna a théann abhaile de ghnáth ag 1.20 & 2.20, rachaidh siad abhaile ag 12:00 meánlae**

*The school will close for the summer holidays on Thursday 27th June. School will re-open again on* ***Wednesday, August 28th 2024.*** *Children, Parents & Staff deserve the best summer holiday this year. You have all worked so hard during this school year. I salute you all for your diligence, your work and your support to each other and the school. I hope the sun shines for you all this summer!*

***On the day of the summer holidays, 27th June, children will go home at the following times:***

- ***Children who normally go home at 1.15 & 2.15 will go home at 11:50 am***
- ***Children who normally go home at 1.20 & 2.20 will go home at 12 midday***



## CULAITH SCOILE/UNIFORM:

**Boys: Purple Jumper with school crest**
**Tartan Tie**
**Grey Trevira Trousers**
**White Shirt**
**Navy Socks**

**Girls: Purple Cardigan with school crest**
**Tartan pinafore & matching tie**
**White Shirt**
**Navy Tights/Socks**

Má tá aon duine ag iarraidh culaith scoile nua is féidir é a fháil i siopa an National Schoolwear Centre, Liosbán Retail Centre, Br. Thuama. Cuir isteach d'ordú chomh luath agus is féidir. Is féidir an t-ordú a dhéanamh ar line freisin. Beidh culaith spóirt le caitheamh ag gach páiste ó Naíonáin Bheaga suas. Tá sé le fáil sa National Schoolwear Centre. Caitheann Naíonáin Bheaga agus Naíonáín Mhóra culaith spóirt amháin. Is culaith spóirt corcra le T-léine Polo corcra atá sa chulaith spóirt. **IS TRACKSUIT DUBH GHORM GAN LOGOS GAN LÍNTE, GAN SCRÍOBH É TRACKSUIT NA SCOILE AGUS TÁ SÉ LE FÁIL SA NATIONAL SCHOOL CENTRE**. <u>NÍL CEAD 'LEGGINGS 'A CHAITHEAMH</u>. **Beidh páistí Rang 1 ag caitheamh an culaith iomlán scoile I Meán Fómhair agus an culaith spóirt ar laethanta corpoideachais <u>Moltar do pháistí bróga leathar dubha a chaitheamh agus bróga reatha a bheith orthu ar laethanta spóirt.</u> Tugtar faoi deara go bhfuil roinnt páistí nach bhfuil ag cloí leis an bpolasaí scoile maidir leis an gculaith scoile. Iarrtar ar thuismitheoirí a chinntiú go bhfuil an culaith scoile ceart ar fáil do phaistí & broga ceart i gcóir urláir scoile, culaith spóirt ceart scoile & rl. Ar laethanta grianmhara agus aimsir dheas <u>tá cead brístí ghearr dubhghorm nó liath a chaitheamh, cinn gan logo's. Tá siad ar fáil i National School Wear Centre /Dunnes / Penny's agus srl.</u>**

*If anyone wishes to purchase a new uniform they may do so at National Schoolwear Centre, Liosbán Retail Centre, Tuam Rd. All children from Junior Infants upwards will wear a tracksuit for sport days. Junior and Senior Infants wear their school tracksuit as their school uniform. Children in First Class will start wearing the full school uniform for the first time in September and their tracksuit for schooldays. If you are purchasing a new uniform place your order for same as soon as possible. You may place orders on line as well. Our full uniform and tracksuit is only supplied by The National School Wear Centre, Liosbaun Estate. Remember that the tracksuit is an economy garment and should be worn only when required. <u>TRACKSUITS WITH LOGOS, LINES, BRANDNAMES, WRITING SUCH AS CANTERBERRY OF NEW ZEALAND ETC ARE NOT THE SCHOOL TRACKSUIT. PLEASE ADHERE TO THE PLAIN NAVY TRACKSUIT BOTTOMS</u>. **LEGGINGS ARE NOT PART OF OUR SCHOOL UNIFORM-THEY ARE NOT TO BE WORN INSTEAD OF A TRACKSUIT**. We would encourage children to wear black leather shoes with their uniform and runners on sports day (with tracksuits). It has been noticed that some children are consistently not adhering to the school's uniform policy. We ask parents to ensure that children have all the items available to them. When experiencing good <u>weather children may wear plain navy or grey shorts, with no logo's etc. They are available in National School Wear Centre/ Dunnes, Penny's etc.</u>*
*Mór bhuíochas/Many Thanks.*

the Schoolwear Centre


## **Tuairiscí Scoile/School Reports:**

Tá siúl againn go bhfuair sibh tuairisc scoile bhur bpaistí. Seoladh amach iad ar Aladdin Connect. Muna bhfuair tú tuairisc scoile do pháiste cuir glaoch ar an oifig láithreach led' thoil.

Ba mhaith linn a mheabhrú do thuistí Rang 6 na tuairiscí a chóipeáil más mian leo le go mbeidh siad acu amach anseo. Ní bheidh siad ar fail ar Aladdin tar éis do na páistí an scoil a fhágáil. Más mian libh go ndeánfadh an oifig cóip daoibh, cur scéala chuig an oifig agus déanfaí muid sin daoibh.

*We hope you received your child's school report. These reports were sent out via Aladdin Connect. If for any reason you have not received your child's report please contact the school immediately on 091 590152/ scoilma.ias@gmail.com.*

*We would like to bring 6th class parents attention to the fact that they will not be able to avail of reports after children have left the school on Aladdin. Parents should make a copy of childrens reports. If 6th class parents would like to have a copy of reports please contact the office and we can do it for you .*



## **Cóineartú/Confirmation**

Comhgháirdeas ó chroí le Múinteoirí agus páistí Rang 6 as ucht an searmanas álainn a bhí againn ar lá an Chóineartaithe. Buíochas speisialta do mhúinteoirí Rachel, Siobhán, Sally & Tighearnán agus do na CRS Máirín & Helen as ucht a gcuid oibre ar fad. Míle buíochas do Mháire, an coiste ceol agus an chóir as ucht an ceol álainn a chur go mór leis an ócáid .

*Congratulations to Múinteoirí Rang 6, Rachel, Siobhán, Sally, Tighearnán and to our 6th class pupils who celebrated a beautiful confirmation ceremony. A big thank you to the teachers and SNA's, Mairín & Helen for all their hard work in preparing the children for the occasion. A special thanks to Máire, our Music Committee of teachers, the choir and musicians for their wonderful contribution to the ceremony.*



**Scrúdaithe Chaighdeánaithe Ranganna 1-5 / Standardised Test Results for 1st-5th Class pupils**

Seolfar abhaile sa phost torthaí scrúdaithe chaighdeánaithe páistí Ranganna 1-5 an tseachtain seo. Seol ríomhphost chuig an múinteoir ranga muna bhfaigheann tú iad.

Meabhraítear do thuistí nach bhfuil i dtástálacha caighdeánaithe ach gnéith amháin den fhaisnéis a ghabhann le dul chun cinn iomlán do pháiste. Ba cheart na torthaí a chumadh i gcomhthéacs níos leithne i gcónaí. Bailíonn an scoil faisnéis thábhachtach ó fhoinsí luachmhara éagsúla eile m.sh. gnáthbhreathnú, tascanna ranga / aonaracha, rannpháirtíocht ranga, tascanna / obair bhaile éagsúla, tascanna agus tástálacha deartha ag an múinteoir, tástálacha / tuarascálacha / aiseolas eile. Cuidíonn an fhaisnéis seo go léir linn pleanáil agus oibriú i dtreo foghlaim do pháiste a fheabhsú. Beidh an múinteoir ranga i dteagmháil leat roimh laethanta saoire an tSamhraidh má cheaptar go mbeadh gá le tuilleadh monatóireachta nó tacaíochta.

*The results of standardised tests administered in 1st-5th classes will be sent in the post to parents this week. Please contact the class teacher by email if you don't receive same.*

*It is important to remember that standardised tests such as these form only one part of the 'jigsaw of information' about your child's overall progress. Results should always be framed in a broader context. The school gleans much important information from a variety of valuable sources e.g. routine observation, class/individual tasks, class participation, various assignments/homework, teacher-designed tasks and tests, other tests/reports/feedback. All of this information helps us to plan and work around optimising your child's learning. In the usual way, your child's teacher will be in touch before the summer holidays should a need for further monitoring or support be identified.*

**Ciste Forbartha / Development Fund**

Míle buíochas do na tuistí ar fad atá tar éis tacaíocht a thabhairt don chiste €250 go dáta. Tuigeann muid go maith nach bhfuil gach duine in ann cuidiú linn ag an am seo. Seo cúpla poinnte le nótail.

Is féidir an méid iomlán de €250 a thabhairt don scoil in aon íocaíocht amháin nó briste suas in iocaíochtaí níos lú idir seo agus an Nollag.

Is féidir tús a chur leis an ordú seasta aon mhí idir seo agus an Nollag msh, Má thosnaíonn tú i mí Iúil, is féidir 6 íocaíocht de €41.66 a dhéanamh thar 6 mí &rl.

Is féidir an airgid a íoc tríd an gcóras e-payments sa scoil más fearr leat é sin a dhéanamh seachas ordú seasta.

Is féidir teagbháil a dhéanamh leis an oifig má tá aon cheisteanna.

*Many thanks to everyone who has supported the fundraising drive so far. We really appreciate your support. We understand that some parents are not in a position to help us until the Autumn or some may not be able to commit on this occasion. All and any support is appreciated. A couple of points to note:*

*You may donate the €250 in one payment anytime between now and next December. You may donate smaller amounts at different intervals if it suits best. You may pay by direct debit, cheque, cash or through the school e-payments link. You can request the office to send you this link.*

*If you choose to pay by standing order, You may start your standing order any month you choose to do so between now and December. If you choose to commence in July, you'd be making 6 payments of €41.66 per month until December. If you choose to commence in August you'd be making 5 payments of €50 per month until December etc.*

*Please call the school office if you need any clarification or assistance.*

## Spelling Bee

Comhgháirdeas le Jack O'Naraigh a rinne ionadaíocht ar an scoil sa gcomórtas Spelling Bee. Maith thú Jack.

*Congratulations to Jack O'Naraigh who represented the school so well in the city Spelling Bee competition. Fair Play Jack!*






## An Chéad Fhaoistin & An Chéad Chomaoineach

Comhghairdeas ó chroí le Páistí Rang 2 agus múinteoirí Úna, Antaine, Karen & Christina. Chruthaigh siad dhá ócáid speisialta le deirneas le searmanas an Chéad Fhaoistin agus an Chéad Chomaoineach. Bhí an dá searmanas fíor speisialta agus smaoineoidh na páistí agus a gclainnte orthu ar feadh I bhfad. Míle buíochas leis na múinteoirí agus leis na CRS Órla agus Órfhlaith as ucht a gcuid oibre ar fad. Nar laga Dia sibh!
Buíochas ó chroí le Máire, leis an gcoiste ceol agus múinteoirí na scoile as ucht an ceol álainn a chur siad ar fáil ar na laethanta i gceist.

*Congratulations to our Rang 2 children and their teachers Úna, Antaine, Karen & Christina for the beautiful ceremonies they provided for the First Confession & First Communion days.*
*They were special ceremonies in many ways and the children's participation and inclusion was fantastic to witness. Children and families will remember these special days for many years. A massive thank you to Úna, Antaine, Karen, Christina and to the SNA's Órla and Órfhlaith for their dedicated work.*
*Maith sibh ar fad!*

**Focail Buíochas/A Word of Thanks**

Agus muid ag druidim i dtreo deireadh na scoilbliana, is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le pobal uile na scoile as ucht bhur dtacaíocht agus bhur gcomhoibriú ar feadh na bliana. I dtosach báire, ba mhaith linne thar ceann an Bhord Bainistíochta buíochas ar leith a ghabháil leis na múinteoirí, leis na cúntoirí riachtanaisí speisialta agus ár gcúntóirí teanga as ucht an suim, spéis agus am a thugann sibh don scoil lasmuigh agus laistigh den tseomra ranga, nár laga Dia sibh! Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don sár- obair ar fad a chur na múinteoirí isteach aríst i mbliana. Mo cheol sibh! Buíochas freisin do Bhainisteoir Seirbhisí an Áras Áine, do na Stúrthóirí sa Naíonra agus Foireann na hIarscoile. Chomh maith leis sin, is mian linne ár mbuíochas a ghabháil le Coiste na dTuismitheoirí as ucht a gcuid oibre don scoil. Cuireann siad go mór le h-imeachtaí agus tionscnaimh scoile. Táimid chomh buíoch do thuistí Rang 6 a chaith am ag tacú leis an scoil ar go leor bealaí le 8 mbliana anuas. Buíochas ollmhór do choiste Slán le Rang 6. Tá buíochas speisialta ag dul d'ár gCoiste Tráchta a choinníonn gach éinne sábháilte. Tá sibh iontach ag cuidiú linn gach maidin! Níl orainn a rá ach go bhfuil moladh mór tuillte ag an mBord Bainistíochta as ucht an obair fiúntach deonach atá ar siúl acu don scoil. Buíochas mhór freisin do Peter agus na glantóirí. Buíochas speisialta do Kathleen & Antoinette as ucht a gcuid oibre ar fad san oifig le linn na bliana. Ach go h-áirithe is mian linne ionchur na ngasúr ar fad a aithint agus a mholadh. Tá ard mholadh ag dul do ghasúir Rang 6 as ucht a gcuid co-oibriú, dearcaidh dearfaí agus spiorad i gcaitheamh a gcuid ama i nGaelscoil Mhic Amhlaigh. Guímid gach rath agus sonas orthu!

*As we approach the end of another school year, I would like to sincerely thank all the school community for your co-operation and support throughout the year. On behalf of the Board of Management, I would like to extend a sincere thank you to each of the teachers, the SNAs and our language assistants for their commitment, interest and time both inside and outside the classroom throughout the school year. I would especially like to acknowledge the commitment and support given by the staff to the school this year. Míle buíochas daoibh ar fad. Many thanks to Áine and the stiúrthóirí for their wonderful work in the Naíonra and to the after school service employees. We would also like to extend a huge thanks to the Parents' Association for their contribution to the school throughout the school year. A special thank you to our 6th class parents whose youngest children are leaving us for the fantastic support they have given to the school. Some of you worked tirelessly on the parent's association for years and on other school projects. Many thanks to our Slán le Rang 6 committee. A special thanks to our Traffic Committee who keep us all safe. You are a fantastic support to the school each morning. Your work is so appreciated! We must mention the important voluntary work that has been done by the Board of Management for which the school community is very grateful. A Special thank you to Peter and the cleaners for all you do to enhance our school building and surroundings. To Kathleen & Antoinette for all their hard work in the office during the year, Thank you! Lastly but by no means least, we want to thank all of the children for their joyful input to the pulse of Gaelscoil Mhic Amhlaigh! A special mention to Rang 6 who will be leaving us shortly- Your co-operation, positive attitudes and spirit will never be forgotten. We wish each of you the very best in your lives ahead.*



Comhar Naíonraí na Gaeltachta

**FÓGRA**

**Múinteoir Luathbhlianta & Painéal Naíonra Mhic Amhlaigh**

Tá Comhar Naíonraí na Gaeltachta ag lorg iarratais do phost mar Mhúinteoir Luathbhlianta i Naíonra Mhic Amhlaigh, Áras Mhic Amhlaigh, Lána an Mhuilleora, Cnoc na Cathrach

Ní mór d'iarrthóirí cáilíocht Leibhéal 5 i gCúram Leanaí (QQI/ FETAC nó a chomhionann) a bheith acu, agus taithí ar obair le páistí faoi chúig bhliana d'aois chomh maith le taithí ag obair mar chuid d'fhoireann. Tá líofacht sa Ghaeilge riachtanach don phost seo.

Is post páirtaimseartha é seo, ag obair ó Luan go hAoine.

Má tá tuilleadh eolais uait is féidir glaoch ar Oifigeach Forbartha Chomhar Naíonraí na Gaeltachta ag an uimhir 094-9557006

Beidh CNNG ag cuir painéal fostaithe/oibrithe le chéile ón agallamh seo chun postanna eile a thagann aníos a líonadh.

Tá lánrogha ag CNNG é sin a athrú de réir mar a fheileann sé don chomhlacht agus ag brath ar na postanna atá le líonadh.

**Iarratas**

Seol litir iarratas mar aon le CV agus cóip go do chuid cáilíochtaí ar ríomhphost amháin chuig:

eolas@cnng.ie

**Spriocdháta d'iarratais: 7ú Meitheamh 2024.**

**Comórtas Fichille/All Ireland Chess Finals**

Bhí cluiche ceannais na hÉireann ar siúl ar Dé Céadaoin 5ú Meitheamh I nÓstan Ardilaun agus tháinig an foireann sa 3ú áit. Bá iad seo a leanas a bhí ar foireann na scoile.

*The All Ireland Chess Finals were held on Wednesday 5th June in the Ardilaun Hotel and they came in 3rd place. On the school team were:*

Sean Feeney, Michael O'Comhghain, Daniel Charles

Cillian Harris, Samuel O'Dwyer, Killian Kennedy,

Dara Corduff & Matthew Caulfield

**Scríobh Leabhar / Writing Books**

Comhgairdeas le buaiteoirí cómartas Scríobh Leabhar Rang a 3

**Rang 3 Martina**

Patrick O' Ceara - An Zombaí

Cecilia Apara Ní Cheallaigh – An Coinín Dána

**Rang 3 Lorna**

James Ó Duinn – Dúch

Brónagh Ní Laithimh –Bob Dána

**Rang 3 Aonghus**


Cáit Ní hÁinle – An Feirmeoir Cruálach

Sadhbh Nic Dhiarmada – Stitch an Luch Dea

Anna De Búrca – Tá Eve imithe

Comhgairdeas leis na páistí ar fad a ghlac páirt & mile buíochas le muinteoirí Martina, Lorna agus Aonghus as ucht na páistí a stiúradh.








**<u>Díolacháin Eadaí Scoile/Uniform Sale</u>**

Beidh díolacháin Eadaí Scoile ar siúl sa Halla Mór Dé Máirt 25ú and Dé Céadaoin 26ú Meitheamh ag 8.30r.n. & 14.20i.n. Is féidir le gasúir a gcuid eadaí féin a chaitheamh an tseachtain sin 24ú- 27ú Meitheamh. Is féidir ticéad a fháil agus malairt eadaí a dhéanamh freisin. Caithfidh na h-eadaí a bheith i rocht maith.

*The annual Uniform sale will take place in the Halla Mór on Tuesday 25th & Wednesday 26th June at 8.30am and 14.20pm each day. Children may wear their own clothes on the final week 24th – 27th June. <u>Uniforms can be donated on Monday 24th June morning and afternoon in the Halla Mór at 8.30am & 2.30pm</u>. All items will receive a swap ticket for the same item. Please note all sizes are not guaranteed for swap tickets. All clothes donated must be in good condition.*




## <u>Cáillte agus Fáigthe/Lost and Found</u>

Tá go leor eadaí, seacaid, cótaí álainn fagtha fós i Halla na scoile. Iarrtar ar thuistí teacht isteach agus éadaí a bhailiú roimh Dé Céadaoin seo chugainn 26ú Meitheamh mar beidh orainn an t-éadach a thabhairt do charthanacht ina dhiadh sin.

<u>Iarrtar ar thuistí ainm a bheith ar **GACH** píosa éadach i Meán Fomháir.</u>

*There is a huge amount of lovely clothing, coats, jumpers, jackets etc left in the school hall. Parents are asked to come to the hall and collect their children's belongings before Wednesday 26th June. We will be sending any remaining items after that date to charity.*

*<u>We request parents to clearly label **ALL** clothing for September.</u>*

# Díolachán Rang 6

D'eagraigh Rang 6 díolachán cácaí agus milseáin i gcomhair an charthanacht The Gavin Glynn Foundation. Thug an charthanacht seo cabhair do chlann i nGaelscoil Mhic Amhlaigh taisteal go dtí an Ghearmáin chun cóir leighis a fháil. Míle buíochas do thuismitheoirí agus do pháistí na scoile a thug tacaíocht don díolachán. D'éirigh leo €1776.68 a bhailiú! Míle buíochas do mhúinteoirí agus páistí Rang 6 .

*Rang 6 organised a bake and sweets sale to raise funds for The Gavin Glynn Foundation. The charity helped a family in Gaelscoil Mhic Amhlaigh travel to Germany for specialised medical treatment. Thank you so much to all the parents and children who supported the sale. They raised €1776.68!Many thanks to our 6$^{th}$ class teachers and pupils*















# Athbheochan Chardascamhógach (CPR) i Rang 6

Míle buíochas do thuismitheoirí na scoile, Aoife Laffey agus Eimear Uí Chonghaile, a rinne ceardlann CPR le rang 6. D'fhoghlaim na páistí eolais atá ríthábhachtach agus bhain siad an-tairbhe as an gceardlann. D'fhoghlaim siad faoin tábhacht a bhaineann le CPR agus na céimeanna atá le déanamh dá dtarlódh stad cairdiach. Tá Rang 6 múiníneach as na scileanna nua atá acu anois.

*Thank you to Aoife Laffey agus Eimear Uí Chonghaile, parents of the school, who did a CPR workshop with Rang 6. They learned vital information and gained so much from the workshop. They learned about the importance of CPR and the steps involved if someone went into cardiac arrest. Rang 6 are confident with their new skills.*








Beir
greim air





## Naíonáin Bheaga

Bhain Naíonáin Bheaga an-sult as síolta Lus na Gréine a chur. D'fhoghlaim siad faoi créafóg, síolta, agus cén chaoi go bhfásann plándaí agus bláthanna. Thóg siad abhaile na plandaí agus bhí siad uilig an-bhródúil as a gcuid oibre. Maith sibh Naíonáin Bheaga.








## Turas Scoile Naíonáin Bheaga

Bhí lá álainn ag Naíonáin Bheaga ar an turas scoile go dtí '***Feirm Leamhchoill'***. Thug muid bia do na hainmhithe, bhíomar ag spraoi sa ngaineamh agus déanamh neart ról-imirt sa mbaile beag chomh maith le go leor eile.

*Junior infants had a wonderful day on their school tour to Loughwell Farm. They fed the animals, played in the sand and loads more activities.*





**Ranganna Ióga & Aireachas / Yoga & Mindfulness Classes**

Ghlac páistí ó Rang 2, 3 & 4 páirt i ranganna ióga agus aireachas le Múinteoir Bairbre tar éis scoile i mbliana. Bhí an-spraoi acu! Buíochas ó chroí Bairbre .

*Children from Rang 2, 3 &4 had great fun participating in Yoga and Mindfulness classes after school with Múinteoi Bairbre this year.*







**First Lego STEAM**

Ghlac Rang 3 páirt I dtionscadal First Lego STEAM arís I mbliana. An téama a bhí acu ná ‘Cinntiú go raibh fáil ag gach duine ar Chaitheamh Aimsire’. Rinne said tógáil den scoth leis an Lego agus chuir said rudaí ag bogadh agus soilse ar lasadh ag úsáid na teicneolaíochta. Bhí cur I láthair le déanamh do scoileanna eile in Óstán an Chlayton le déanaí. Chuaigh ár gcuid cruthúcháin I bhfeidhm go mór ar gach duine! Bhí lá den scoth againn. Míle buíochas do mhúinteoirí Rang a 3, Aonghus, Lorna agus Martina.

*Rang 3 participated in the First lego STEAM programme again this year. The theme for this year was ‘Making Pastimes accessible for all’. The children’s creativity was incredible and they added motion and lights to their designs using their iPads. They attended a regional showcase day in the Clayton Hotel where their structures were highly commended! We all had a wonderful day. Many Thanks to Rang a 3 teachers, Aonghus, Lorna & Martina.*






**Turas Scoile Rang a 4**

Chuaigh Rang a 4 ar thuras scoile le déanaí chuig Pluaiseanna na hAille Buí i gContae an Chláir. Bhain na paistí an taitneamh as na pluaiseanna a fheiceáil agus as fíricí suimiúla a fhoghlaim. Ansin chuamar chun na 'hÉin Chreiche' a fheiceáil agus chonaic muid go leor éin éagsúla, mar shampla, ulchabhán agus seabhac. Bhí lá den scoth againn!

*4th class recently went on our school tour to the Ailwee Caves in County Clare. The children thoroughly enjoyed getting the opportunity to go into the caves and learn many interesting facts about the cave. We then went to see the Birds of Prey and saw many different types of birds, such as, an owl and a hawk. We had a lovely day!*





## Coiste na nDaltaí

Comhghairdeas agus míle buíochas ó chroí le Coiste na nDaltaí na bliana seo a d'oibrigh go dian i rith na bliana ar son na scoile. Thug siad smaointí a gcuid ranga ag na cruinnithe seachtainiúil agus d'eagraigh siad go leor rudaí deasa do pháistí na scoile. Fuaireadh trealamh nua corpoideachais, leabharlainne agus fuaireadh cúpla teachín éan don Gheimhreadh. Faoi láthair, tá sraithchomórtas sacair á reachtáil acu do na hardranganna agus tá gach éinne ag baint an-sult as! Maith sibh a pháistí! Ba cheannairí den scoth sibh! Buíochas ó chroí le muinteoirí Lorna, Áine agus Antaine as ucht iad a stiúradh agus a dtacaíocht don choiste.

*A huge congratulations and thank you to this year's Student Council who worked tirelessly throughout the year on various projects. They brought ideas to the weekly meetings and they organised lots of nice activities during the year. We now have new PE equipment, new material for our libraries and some bird houses for the winter! At the moment, there is a Soccer League ongoing for all students from Third to Sixth Class which was organised by the Student's Council. Everybody is thoroughly enjoying it! Well done to you all. You have been fabulous ambassadors for our school. A sincere thank you to Muinteoirí Lorna, Áine and Antaine who have guided and supported the Student Council.*



## Múinteoirí Ranga/Class Teachers 2024/2025

Beidh múinteoirí nua le fostú le linn mí Iúil sna trí seachtainí atá romhainn agus mar gheall ar seo, níl muid in ann a rá le gach rang cén múinteoir a bhéas acu an scoilbhliain seo chugainn go fóillín. Seolfar rphost agus téacs amach nuair a bhéas na múinteoirí breise socraithe le linn mí Iúil.

*Interviews will be held for teaching positions in the school early July. We expect to be able to send a full list of names of all teachers allocated to each class for the academic year 2024/2025 to all families early July.*

## Peil/Football

Bhí bliain iontach ag peileadóirí Gaelscoil Mhic Amhlaigh. Ghlac foireann na mbuachaillí páirt i Roinn A. Bhí ceithre chluiche acu in aghaidh Maree, Scoil Iognaid, GS de hÍde agus Maigh Cuilinn. D'éirigh leo dul go dtí cluiche ceannais an chondae in aghaidh Oranmore. Tar éis cluiche den scoth faraor chaill siad le cúpla pointe. Bhí an-díoma ar na leaids ach rinneadar a ndícheall agus d'imir siad thar cionn.

Ghlac siad páirt freisin i mbliots Scoileanna Gaeltachta i bPáirc na mBreathnaigh. D'éirigh thar cionn leo agus bhí an-lá acu.

D'imir na cailíní i Roinn A áit ar imir siad in aghaidh Moycullen, Cummer, Corrandulla agus Lackagh. Tar éis na cluichí ar fad shroich siad cluiche ceannais an chondae. D'imir siad in aghaidh Cregmore sa gcluiche sin. Ní raibh an lá leo ach rinne siad sár iarracht agus tá moladh mór ag dul dóibh.

D'imir na cailíní sa mbliots Scoileanna Gaeltachta freisin. Rinne siad thar cionn agus bhí bua iontach acu sa gcluiche ceannais in aghaidh Ceantar na nOileán. Tá ard mholadh ag dul dóibh as an eacht seo a bhaint amach don dara bliain as a chéile.

Tá moladh ag dul do gach páiste a rinne sár thraenáil gach Céadaoin. Míle buíochas do Joe, Aonghus, Ciarán agus Olivia as ucht a gcuid ama ag traenáil agus ag dul leo chuig cluichí i rith na bliana.

*The boys football team played four matches in division A. They played Maree, Scoil Iognaid, GS de hÍde and Moycullen. After all games the boys qualified for the county final against Oranmore. After a very tight game, it wasn't to be. The boys were very disappointed but they could not be faulted for their efforts and on another day could have won. They also took part in the Scoileannna Gaeltachta blitz which took place in Páirc na mBreathnaigh. They played excellently and had a great day out. The girls played in Roinn A and had games against Moycullen, Cummer, Corrandulla and Lackagh. After all games were played the girls managed to reach the county final where they met Cregmore. Despite all their efforts, it wasn't to be. A last second goal denied the team. They deserve huge praise for all their efforts.*

*The girls' team participated in the Scoileanna Gaeltachta blitz also and had a great win in the final against Ceantar na nOileán. They played brilliantly and deserve huge credit for a great win and have now won this competition for the second year running.*

*All children who participated in training each Wednesday deserve great credit.*

*A big thank you to Joe, Aonghus, Ciarán and Olivia for all their hard work during the year between training and attending matches.*

**Iomanaíocht / Camógaíochta / Hurling/ Camogie**

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh le Múinteoirí Fiach, Martina Ní Gh, Bláthnaid, agus Caoimhe. as ucht seisiúin traenála a chur ar fáil t´éis scoile do pháistí Rang 4- Rang 6 ó thús na bliana. Fuair siad an-tacaíocht go deo ó Tommy Ó Flatharta ón Scéim Oiliúna Gaeltachta, Pádraig Ó Maoldomhnaigh & Andrew Keane agus roinnt tuistí eile fresin Shane De Burca, gach seachtain.

Ghlac an fhoireann scoile Iománaíochta agus camógaíochta páirt I gcómórtas Cumann na mBunscol freisin I mbliana arís agus iad ag imirt ag léibhéal an-ard in aghaidh foirne ó oirthear an chondae. Bhí muid thar a bheith bródúil astu ar an lá. Faraor níor eirigh le na cailíní sna réamhbabhtaí. Bhuaigh na buachaillí Craobh an Chondae Scoile Roinn D Dé Luain seo caite V Briarhill agus táimid comh bródúil astu.

Nach iontach an rud é an méid sin gasúir a fheiceáil ag imirt an chluiche ársa sciliúil seo. Molann muid do thuistí a ngasúir a chlárú le na clubanna áitiúla chun cur leis an ndul chun cinn atá déanta acu sa spórt ar scoil. Ní neart go cur le chéile!

*We would like to express our thanks to Múinteoirí Fiach, Martina Ní Gh, Bláthnaid &Caoimhe who along with Pádraig Maloney, Andrew Keane, and other parents provided training after school for children from 4th-6th classes every week all this year.*

*Both our Hurling and Camogie team participated in the Cumann na mBunscol Competition again this year but at a Higher level coming up against teams from East Galway. We are extremely proud of our young players who put on a brilliant display of Camogie/Hurling on the day. Unfortunately, our girls didn't qualify from a very difficult group. Our boys won out in a Roinn D county final last Monday V Briarhill NS. We are so proud of their county title.*
*Many thanks to Tommy O Fátharta (Scéim Oiliúna Gaeltachta) and Shane De Burca(Rathúin) and Ryan Dwyer(SKGAA) who organised and co-ordinated parents/Trainers in training sessions throughout the year in various classes. They thoroughly enjoyed the training and learned a lot of new skills. We would encourage all parents to get their children involved in local GAA clubs in order to build on the skills they've learnt this year in school in order to become the great team players of the future.*

*Ní neart go cur le chéile.*







## Foireann Folláin

Tá muid ag fágáil slán le triúr ón bhFoireann Folláin ó Rang 6 I mbliana, sin Kate, Jessica agus Róisín. Ba mhaith linn ár mile buíochas a ghabháil leo as ucht a gcuid oibre ar an bhFoireann. Bhí páirt lárnach acu i gcur i bhfeidhm Cairde Chlóis sa scoil chomh maith le feabhsúcháin a dhéanamh ar ár Seomra lasmuigh agus Léitheoireacht Compánach idir ranganna a thosú ar ais arís sa scoil. Guíonn muid gach rath orthu anois sa mheánscoil agus ag súil go leanfaidh siad orthu ag cur an Folláin chun cinn ina Meánscoil amach anseo. Maith Sibh.

*We are saying goodbye to 3 members from Rang 6 on our Wellbeing Team here in GMA, Kate, Jessica and Róisín. We would like to thank them for all their work and effort in implementing our Playground Friends Initiative, improving our Outdoor Class for all and reintroducing the Reading Buddies Scheme. We wish them the very best in their respective Secondary Schools and hope they will continue to promote Wellbeing well into the future.*

## Leabhair Scoile saor in aisce do gach dalta bunscoile/Free Schoolbooks for all pupils

Aríst I mbliana, cuirfidh an scoil leabhair scoile, leabhair saothair agus cóipleabhair ar fáil do pháistí. Ní bheidh aon chostas ar thuismitheoirí/chaomhnóirí mar go mbeidh an scoil ar fáil maoiniú ón rialtas chun na costais seo a chlúdach. Is cúnamh an-mhaith é seo do chlainnte na scoile.

Bheidh liosta stáisteanóireacht le ceannacht ag tuismitheoirí dá bpáistí agus cuirfear an liosta sin ar fáil daoibh an tseachtain seo chugainn.

Beidh costas €70 d'ábhair ealaíne, fótacóipeáil, árachas 24 uair a choig & rl le n-íoc chomh maith.

*Again this year, school books, workbooks and copybooks for children will be provided to every child free by the school. There is no charge to parents/guardians for this, as the school will receive funding from Government to cover these costs. This will be a great support to parents.*

*Parents will need to provide some stationary items and we will provide this list to parents next week.*

*There will also be a €70 euro fee to pay for Art materials, photocopying, 24 hour personal accident insurance etc.*



**<u>Scoileanna Ildánacha – Brící Spraoi// Creative Schools – Brící Spraoi</u>**

Táimid ag súil go mbeidh ár rannpháirtíocht i scoileanna Ildánacha ina chabhair mhór chun smaointeoireacht chruthaitheach a chur chun cinn sa scoil. Clár dhá bhliana atá i gceist. Tá guth na ngasúr an-thábhachtach sa phróiséis. Bhí go leor spórt agus spraoi ag na gasúir le 'Brící Spraoi' ag deireadh mí Bealtaine. Is clós-spraoi samhlaíochta é a spreagann cruthaitheacht, teanga ó bhéal agus co-oibriú foirne. Thóg grupaí ghasúir i ranganna éagsúla spásárthaí, báid, caisleáin, róbait, ainmhithe agus meaisíní-ama agus roinnt aireagáin nach bhfuil ar an domhan seo go fóill! Ní cuireadh treorainn ar a gcuid samhlaíochta. Ag tús Mí Mheithimh chaith Aisling agus Damien dhá lá sa scoil ag tacú linn ár bplean scoile a chur le chéíle. Cé go bhfaigheann na gasúir go leor deiseanna a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí éagsúla cruthaitheacha i rith saol na scoile, theastaigh uainn a fháil amach céarbh iad na gníomhaíochtaí is mó arbh mhaith leis na gasúir diriú isteach orthu. Chaith na gasúir am i ngrúpaí ag aimsiú na gníomhaíochtaí atá ar bun acu cheana féin go cruthaítheach sa scoil, taobh amuigh den scoil agus sa mbaile. D'oibrigh Aisling agus Damien le cúpla páiste ó chuile rang-ghrúpa. Tháinig siadsan suas le smaointe i gcóir ceardlanna ar an gcruthaíocht. Uaidh sin tháinig muid suas le creat pleanála. Cuirfimid an plean sin i gcrích sa chéad scoil-bhliain eile. Táimid ag súil le nascanna a threisiú leis na hionaid chultúrtha agus ealaíne sa cheantair.

*We hope that our participation in the Creative Schools Initiative will further promote creative thinking amongst the children. This is a two- year programme which provides wonderful opportunities for the children to use their voices. Much fun was had by all at the Brící Spraoi workshops in the halla at the end of May. The Imagination Playground is designed to encourage creativity, oral language and team- work in a fun and safe play- space. We have built spaceships, boats, castles, robots, animals, time- machines and many inventions that don't exist yet…there were no limits to the imagination!! Aisling and Damien (Creative Associates assigned to the school to guide us in the initiative) met with representatives from each of the classes at the beginning of June. Although the children can avail of many opportunities to participate in creative activities during their time at Primary School, we wanted to pinpoint the activities with which they would like to further engage. Arising from many conversations and discussion, a draft plan has been devised for the forthcoming school year. We look forward to strengthening our links with cultural and artistic centres/ groups in our area.*

















## An Féile Scoil Drámaíochta



Comhgháirdeas ó chroí le muinteoirí Rang 4, Áine, Fionnuala & Joe agus na páistí as ucht an obair do-creidthe a chuireadar isteach ina gcuid drámaí don Fhéile Scoil Drámaíochta i mbliana. Buíochas thar na bearta do mhúinteoirí Áine, Fionnuala & Joe as ucht an deis fíor luachmhar seo a chur ar fáil do pháistí Rang 4, eispéireas a mhairfeas leo go brách. Míle mile buíochas.

Buíochas do na tuismitheoirí as ucht a dtacaíocht iontach do na hócáidí ar fad.

Buíochas ó chroí do Dheirdre & Mary a thug tacaíocht ollmhór do na drámaí, do Peter as ucht gach rud a tharraingt le chéile ar na laethanta a bhíomar ar stáitse, do Chiaráin as ucht a chabhair ar fad le aistriú na props agus do gach duine eile a chabhraigh ar aon bhealach. Mo cheol sibh!

Comhgháirdeas ó chroí le Fionnuala agus a rang a bhuaigh Craobh na hÉireann ag an bhFéile Scoil Drámaíochta sa Mhuilleann gCearr lena ndráma 'Blaithín agus an Bhrúid'. Bhíodar thar barr ar fad agus an scoil chomh bródúil astú as an onóir mhóir seo a bhaint amach.

*Congratulations to Múinteoirí Rang 4, Áine, Fionnuala & Joe and the children of 4th classes for the wonderful display of dramas they produced this year for the Féile Scoil Drámaíochta. A big thank you to Áine, Fionnula & Joe for the fantastic opportunity they afforded the children, an experience they will remember with fondness for many years. A sincere thank you to their dedicated teachers.*

*Thank you to the parents who gave tremendous support on the days the children were onstage, it was appreciated by the children and staff.*

*A special thank you to Deirdre and Mary who gave such wonderful support again this year to the teachers. They are such an asset to us. Many thanks to Peter for co-ordinating everything on our days of performances with props/travel etc, to Ciarán for all his help with transporting props and to everyone who helped in any way. Ní neart go cur le chéile.*

*Finally, a huge congratulations to Múinteoir Fionnuala, Deirdre & Mary and 4th class pupils who came first in their category at the All Ireland Féile Scoil Drámaíochta in Mullingar with their musical, 'Bláithín agus an Bhrúid'. The school are so proud of their wonderful achievement.*

**Léitheoireacht/Reading**

Ag an tráth seo, táim cinnte go bhfuil sos ag teastáil daoibh ar fad sa bhaile. Moltar do thuismitheoirí más féidir a bpáistí a ghríosadh chun roinnt léitheoireacht a dhéanamh i rith na laethanta saoire. Dhéanfadh sé an-mhaitheas do pháistí na Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra dá gceannódh tuismitheoirí roinnt leabhra Gaeilge i gcomhair na laethanta saoire. Cuirfidh sé go mór lena líofacht agus a muinín ina gcumais léitheoireachta. Mholfainn do pháistí roinnt saor scríbhneoireachta a chleachtadh chomh maith.

We're aware that you all would like a break from school work at this stage! Parents are advised if possible to encourage all of the children to continue reading books over the summer holidays. It would be a good time to visit the library and/or bookshops etc on a weekly basis when children are not busy with schoolbooks etc. Junior and Senior Infants children would benefit greatly if parents purchased some Irish books for them. It will add to their fluency and confidence in reading. Encourage all types of reading for enjoyment. Practicing some free writing would be beneficial as well.

**Leabhair PM, Flying Start agus Cleite/ Reading Material**

Tugann an scoil go leor leabhair ar iasacht do pháistí I rith nab liana I gcomhair Literacy Lift Off, Guided Reading, Léim sa Léamh, Cleite agus grúpaí tacaíochta. Tá go leor de na leabhair imithe ar strae, tuigeann muid go dtárlaíonn sé seo go héasca! **Má tá leabhair a bhaineann leis an scoil sa bhaile seol isteadh iad go luath an tseachtain seo chugainn le bhur dtoil.**

*The school lends may books to children during the year for Literary Lift Off, Guided Reading, Léim sa Léamh, Cleite and support groups. Some books have not been returned to us – we understand that they can be easily mislaid.* ***If there are books belonging to the school at home, please send them in early next week.***



## Lá Spórt/Sports Day

Beidh Páistí Rang 6 ag eagrú lá Spórt ar an Luan seo chugainn, 24ú Meitheamh, ón 9 go dtí am dul abhaile do pháistí Naíonáin – Rang 2 agus ar an gCéadaoin 26ú Meitheamh do pháistí Rang 3-5 ón 9 go dtí am dul abhaile. Míle fáilte roimh thuistí teacht ar an lá.

*Our 6th class pupils and teachers will be organising our Sports Days for the classes next week. On Monday, 24th June Junior infants – 2nd Classes will have their sports day from 9am until the end of their school day and on Wednesday, 26th June 3rd – 5th classes will have their sports Day from 9am until the end of their school day.*

*All parents are very welcome to attend.*

BÍODH SAMHRADH DEAS, SONA AGUS SÁBHÁILTE AGAIBH AR FAD IDIR FOIREANN, TUISMITHEOIRÍ AGUS PÁISTÍ!

WISHING YOU ALL, STAFF, PARENTS AND CHILDREN AN ENJOYABLE AND SAFE SUMMER!

Bainigí taitneamh as!

Is mise le mór mheas & le mór bhuíochas,

*Daíríona*

Príomhoide
Gaelscoil Mhic Amhlaigh

